

PLEAN SEIRBHÍSE

2019



etb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board

Clár Ábhair

Réamhrá	2
Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma	3
Bonn Reachtúil	3
Struchtúr Geografach	3
Scoileanna	Error! Bookmark not defined.
Breisoideachais agus oiliúna	5
Obair don Ógra	6
Tacaíochtaí Eile	6
Struchtúr Eagraíochta	6
Ráiteas Straitéise	8
Achoimre ar na Seirbhísí a Sholáthraítear	10
Sprioc-chliant	11
Ráiteas Seirbhíse - Scoileanna agus Coláiste	12
Iar-Ardteistiméireacht	14
Clár Críochnaithe Scoiláíochta	15
Ráiteas Seirbhíse - Breisoideachas agus Oiliúint	16
Raon an tSoláthair	17
Ionaid Oiliúna agus Soláthar Oiliúna BOOMESL	17
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	18
Seirbhís Litearthachta do Dhaoine Fásta	18
Oideachas Pobail	19
Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna	20
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)	21
Ionaid Oiliúna Pobail	22
Seirbhís Eolais agus Treorach Oideachais Aosach	22
Cúrsaí Oíche agus Ranganna Oíche Féinmhaoinitheacha	22
Scileanna don Obair	23
Scileanna ar mhaithe le Dul Chun Cinn - Clár Forbartha d'Fhostaithe	23
Obair don Ógra	24
Ógtheagmháil	25
Glúin an Cheoil	26
Ráiteas Seirbhíse - Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta	28
Réamh-mheastachán Airgeadais	29

Réamhrá

RÉAMHRÁ Ó CHATHAOIRLEACH BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA MHAIGH EO, SHLIGIGH AGUS LIATROMA

Is mór an onóir dom Plean Seirbhísí Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL) 2019.

Forbraíodh an Plean Seirbhíse seo chun cur ar chumas BOOMESL a sholáthar oideachais agus oiliúna a fhás agus a fhorbairt fad a léirítear riachtanais ár bhfoghlaimoirí agus ár bpáirtithe leasmhara. Tá BOOMESL tiomanta do sheirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar dár bpobail.

Is mian liom moladh a thabhairt don obair a dhéantar mar chuid den Phlean Seirbhíse seo agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe i mBord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, gach baill foirne BOOMESL agus an iliomad páirtithe leasmhara a rinne obair ar son an plean seo a fhorbairt. Mar gheall ar thiomantas agus dílseacht gach duine, déanfar cinnte go leanfaidh BOOMESL aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le seirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach, freagrúil agus nuálach a chur ar fáil dár bpobal.

An tUasal Seamus Kilgannon, Cathaoirleach

FÁILTE Ó PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA MHAIGH EO, SHLIGIGH AGUS LIATROMA

Tá an-áthas orm Plean Seirbhíse BOOMESL don bhliain 2019 a fhoilsiú. Is cuid thábhachtach dár n-oibleagáidí comhlíonta agus reachtúla é an Plean Seirbhíse i dtaca le seirbhísí a sholáthar do BOOMESL don bhliain seo. Tá BOOMESL tiomanta do na cuspóirí a leagtar amach sa phlean seo a sholáthar ar aon dul lenár Ráiteas Straitéise agus réimse leathan seirbhísí a sholáthar dár bhfoghlaimoirí agus pobal.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don dea-obair atá á déanamh ag ár mbaill foirne inár n-oifigí riaracháin, scoileanna agus ionaid i BOOMESL. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a chuir an plean seo le chéile agus ba mhaith liom obair ár mBoird agus ár bpáirtithe leasmhara a aithint, obair a thacaigh le seirbhísí BOOMESL a sholáthar. Tá a fhios agam go mbeimid ábalta an plean seo a chur i bhfeidhm mar gheall ar thiomantas leanúnach ár mball foirne go léir agus táim ag tnúth le bheith ag obair le gach duine a bhfuil páirt acu sa bhliain atá amach romhainn.

Is mian liom chomh maith tacaíocht na Roinne Oideachais agus Scileanna agus SOLAS a aithint, chomh maith leis na páirtithe leasmhara maoinithe eile go léir. Gabhaimid buíochas leo as a dtacaíocht leanúnach.

Tom Grady, Príomhfheidhmeannach (Gníomhach)

Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Bonn Reachtúil

Is údaráis reachtúla iad Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) atá freagrach as oideachas agus oiliúint, obair don ógra agus réimse eile feidhmeanna reachtúla. Bainistíonn agus feidhmíonn BOOanna iarbhunscoileanna, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta pobail ilchreidmheacha agus réimse ionad oideachais aosach agus breisoideachais a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil.

Leagtar amach feidhmeanna ginearálta na BOOanna san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Bunaíodh BOOanna ar 1 Iúil 2013, nuair a cuireadh 16 BOO nua in áit na 33 Coistí Gairmoideachais (CGOanna) a bhí ann roimhe sin. Cumascadh CGO Chontae Mhaigh Eo, CGO Shligigh agus CGO Liatroma ag an tráth sin agus bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL). Tugadh Ionaid Oiliúna i Sligeach agus Maigh Eo, a bhí á bhfeidhmiú ag FÁS agus SOLAS ina dhiaidh sin, isteach san eintiteas nua BOOMESL.

Struchtúr Geografach

Ar an iomlán, tá sé BOO déag ar fud na tíre mar a léiríonn Léaráid 1 thíos.

Boird Oideachas agus Oiliúna Éireann



Léaráid 1: Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) in Éirinn

Clúdaíonn BOOMESL limistéar níos mó ó thaobh tíreolaíochta de ná aon BOO nua eile. Is ionann an limistéar iomlán agus 9,014 km². Síníonn an limistéar ón Drobhaois in aice le Bun Dobhráin go dtí lorras san iarthar, ansin síníonn sé ó dheas go dtí An Caoláire Rua agus soir trasna na Sionainne ag Cora Droma Rúisc. Freastalaíonn BOOMESL ar dhaonra 228,086 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016) duine. Tá a cheannoifig lonnaithe i Caisleán an Bharraigh, agus tá oifigí eile i Sligeach agus Cora Dhroma Rúisc, mar is féidir a fheiceáil i Léaráid 2 thíos.



Léaráid 2: Limistéar oibríochtúil BOOMESL

Scoileanna

Bainistíonn BOOanna aon trian de na meánscoileanna sa tír – oideachas do os cionn 100,000 dalta. Oibríonn siad beartais ionchuimsitheacha rollaithe agus freastalaíonn siad ar líon maith daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu chomh maith. Oibríonn BOOMESL 19 scoil sna trí chontae.

Breisoideachais agus oiliúna

Cuireann BOOanna breisoideachas agus oiliúint ar fáil do 200,000 duine fásta gach bliain. Soláthraítear seirbhísí le cláir dhifriúla chun réimse éagsúil riachtanas a chomhlíonadh trí chlár litearthachta agus uimhearthachta, oiliúint scileanna agus printíseachtaí a chur ar fáil.

Obair don Ógra

Tá feidhm reachtúil ag BOOanna chun tacú le seirbhísí oibre don ógra a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheas, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tacaíonn BOOMESL le 7,000 duine óg tríd an obair a dhéanann sé sa réimse sin.

Tacaíochtaí Eile

Comhoibríonn BOOanna le gníomhaireachtaí eile, grúpaí, coláistí agus grúpaí pobail chun cláir éagsúla a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla grúpaí cliant i bpobail áitiúla. Áirítear leis sin, mar shampla, Glúin an Cheoil agus Cláir Críochnaithe Scolaíochta.

Struchtúr Eagraíochta

Tá Bord BOOMESL freagrach agus cuntasach as an eagraíocht a threorú agus a rialú i gceart, mar a leagtar amach san Acht Príomha, reachtaíocht eile ábhartha agus an Cód Cleachtais um Bhoird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. Is é an Príomhfheidhmeannach an t-oifigeach cuntasaíochta do BOOMESL agus cuireann an Fhoireann Ardbhainistíochta, ar a gceaptar trí Stiúrthóir, tacaíocht ar fáil. Cuirtear struchtúr eagraíochta BOOMESL in iúl i Léaráid 3 thíos.



Léaráid 3: Struchtúr Eagraíochta BOOMESL

Ráiteas Straitéise

Faoi Alt 27 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, éilítear ar BOOMESL Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana. Leis an Ráiteas Straitéise a fhorbairt, tá BOOMESL tiomanta do bheith ag obair le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara thar thréimhse cúig bliana chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí oideachais agus oiliúna do dhaoine óga agus daoine fásta i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.

Má táthar chun na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Seirbhíse seo a bhaint amach, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfead feabhas leanúnach ar chaighdeán na taithí foghlama do gach foghlaimeoir. Déanfaidh BOOMESL dul chun cinn i dtreo aibíochta mar eagraíocht bheo foghlama a bheidh i gceannas agus a fhreagróidh go héifeachtach ar riachtanais a bhíonn ag síorathrú ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise cuspóirí agus straitéisí i gcúig phríomhréimse, mar seo a leanas:

Cuspóir 1	Múinteoireacht, foghlaim agus oiliúint den chéad scoth
Cuspóir 2	Taithí dhearfach do gach duine i dtimpeallacht chothrom agus ionchuimsitheach
Cuspóir 3	Rialachas corparáideach agus comhlíonadh láidir
Cuspóir 4	Cultúr dearfach agus sláintiúil eagraíochta a chur chun cinn
Cuspóir 5	Stádas BOOMESL mar chuid lárnach den phobal a chur chun cinn

Tá na luachanna agus saghsanna iompair seo a leanas mar bhonn agus mar thaca ag na cuspóirí agus straitéisí sin:

LUACHANNA	SAGHSANNA IOMPAIR
Réamhghníomhach	1. Beimid ag iarraidh díriú ar réitigh, a bheith solúbtha agus fáilte a chur roimh smaointí nua 2. Déanfaimid dianiarracht freagairt ar gach duine a théann i dteagmháil leis an BOO. 3. Bainfimid úsáid as sonraí ábhartha agus déanfaimid dianiarracht seirbhís fhreagrúil a chur ar fáil chun riachtanais ár ndaoine a chomhlíonadh.
Gairmiúil	1. Caithfimid go hómósach agus ar bhealach gairmiúil le gach duine i gcomhréir lenár bprionsabail rialachais. 2. Cuirfimid íomhá dearfach chun cinn taobh istigh agus taobh amuigh den eagraíocht. 3. Spreagfaimid agus rachaimid i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach. 4. Déanfaimid ár machnamh ar ár n-obair agus déanfaimid ár gcleachtais oibre a leasú.
Caighdeán	1. Déanfaimid ár ndícheall sármhaitheas a bhaint amach i dtaca le gach rud a dhéanaimid. 2. Déanfaimid iarracht ghníomhach caighdeáin nua agus bealaí chun ár seirbhís a fheabhsú a lorg agus a aithint. 3. Déanfaimid measúnú ar oiriúnacht ár gcóras, struchtúr agus clár chun deiseanna feabhsúcháin a aithint agus a chur i bhfeidhm.
Comhoibriú	1. Cuirfimid ar chumas gach duine i BOOMESL oibriú ar bhealach comhoibríoch chun luach na seirbhíse a chuirimid ar fáil dár bhfoghlaimeoirí a uasmhéadú.

- 
2. Tá muintín againn as gach duine i BOOMESL go gníomhóidh siad go macánta agus go n-íompróidh siad iad féin go heiticiúil.
 3. Lorgóimid deiseanna chun feabhas a chur ar chumarsáid lenár bhfoghlaimoirí agus comhghleacaithe.

Déanfaidh an Ráiteas Straitéise eolas d'oibríocht, beartais agus dearbhú cáilíochta na seirbhísí de chuid BOOMESL.

Achoimre ar na Seirbhísí a Sholáthraítear

Áirítear leis na seirbhísí a chuireann BOOMESL ar fáil oideachas iarbhunscoile, Breisoideachas agus Oiliúint (BOO) agus obair don ógra, chomh maith le cláir agus seirbhísí eile oideachais pobalbhunaithe. Soláthraítear na seirbhísí ar fad ag leibhéal áitiúil. Léirítear achoimre ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil thíos:

Seirbhísí BOOMESL	Iarbhunscoileanna	Cúrsaí agus Coláistí Iar-Ardteistiméireachta
- Oideachas bunata aosach - Cláir Foghlama Teaghlaigh	- Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) - Teagasc Dian in Oideachas Bunata Aosach (TDOBA)	Ranganna Oíche
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO)	Oideachas Pobail	Seirbhís Eolais agus Treorach Oideachais Aosach
Ógtheagmháil	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)	Ionad Oideachais Allamuigh Acla
Scileanna don Obair	Glúin an Cheoil	Obair don Ógra
Clár Críochnaithe Scolaíochta	Cúrsaí lae Oiliúnachtaí Sainoiliúint Scileanna Printíseachtaí Seirbhísí do Ghnólachtaí	Ionaid Oiliúna Pobail Sainchláir Oiliúna Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla (TOÁanna) ríomhCholáiste Scéimeanna Deimhniúcháin Scileanna

Sprioc-chliaint



Is iad sprioc-chliaint BOOMESL:

- Mic léinn agus / nó a dtuismitheoirí / caomhnóirí
- Foghlaimeoirí fásta
- Pobail ar fud an réigiúin
- Daoine óga agus oibrithe óige i seirbhísí agus tionscadail óige agus grúpaí óga faoi stiúir oibrithe deonacha

Ráiteas Seirbhíse – Scoileanna agus Coláiste

Bainistíonn agus feidhmíonn BOOMESL 19 meánscoil agus coláiste ar fud na dtrí chontae. Is é aidhm an oideachais mheánleibhéil ná timpeallacht foghlama iomlánaíoch ar ardchaighdeán a chur ar fáil a ullmhaíonn daltaí don ardoideachas / breisoideachas nó iontráil láithreach isteach san ionad oibre. Is éard atá i gceist le hoideachas dara leibhéal ná Sraith Shóisearach trí bliana agus Sraith Shóisearach dhá bhliain nó trí bliana ina dhiaidh sin, ag brath ar cé acu an ndéantar an Idirbhliain roghnach nó nach ndéantar. De ghnáth, tosaíonn daltaí sa tSraith Shóisearach ag 12 bhliain d'aois. Déantar scrúdú stáit, an Teastas Sóisearach, tar éis 3 bliana.

Is é príomhchuspóir na Sraithe Sóisearaí go gcríochnaíonn daltaí curaclam leathan agus cothrom, agus go bhforbraíonn siad an t-eolas agus na scileanna a chuirfidh ar a gcumas dul ar aghaidh go dtí oideachas Sraithe Sinsearaí.

Freastalaíonn an tSraith Shinsearach ar dhaltáí idir 15 bliana agus 18 mbliana d'aois. Go díreach i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí, tá an rogha ag daltaí Idirbhliain a dhéanamh. Cuireann an Idirbhliain an deis ar fáil do dhaltáí leas a bhaint as réimse taithí oideachais, taithí oibre san áireamh, i mbliain nach bhfuil scrúduithe foirmiúla le déanamh lena linn. Le linn an dá bhliain dheireanacha den tSraith Shinsearach, déanann daltaí clár amháin as trí chlár a bhfuil scrúdú stáit ag deireadh gach cinn acu - an Ardteistiméireacht thraidisiúnta, nó clár na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF).

Is cuid riachtanach den saol ina bpobail áitiúla iad scoileanna agus coláistí BOOMESL. Tá siad ionchuimsitheach agus cuireann siad ar chumas daoine óga barr a gcumais a bhaint amach sa tsochaí. Cuireann siad ar chumas daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí dul chun cinn oideachais a bhaint amach i dtimpeallacht dhearfach agus spreagúil.

Cuirtear ar fáil raon iomlán ábhar le linn na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí araon, teangacha, an léann daonna, na dána, teicneolaíochtaí agus eolaíocht san áireamh. Spreagtar daltaí páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile, gníomhaíochtaí seach-churaclaim cosúil le dráma, ceol, díospóireacht agus spórt san áireamh.

D'fhonn a chinntiú go gcuirfear an caighdeán is airde múinteoireachta agus foghlama agus an taithí oideachais is fearr is féidir ar fáil dá dhaltáí, cuirfidh BOOMESL tacaíocht ar fáil do gach scoil i réimsí cosúil le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, litearthacht agus uimhearthacht, Oideachas Speisialta, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus Béarla mar Theanga Bhreise. Anuas air sin, cuirfear tacaíocht ar fáil do bhainistíocht agus foireann na scoile i réimsí cosúil le forbairt ceannairí agus cláir tacaíochta. Chomh maith leis sin, cuirfear tacaíocht ar fáil sna réimsí ceapadh beartais agus rialachas trí mheán obair agus oiliúint leanúnach le Boird Bhainistíochta agus bainistíocht scoile.

Tá an líon ar an rolla do scoileanna agus coláistí BOOMESL don bhliain acadúil 2018-2019 thíos:

ROLLÚ DARA LEIBHÉAL		
SCOIL	ÁIT	2018-2019
MAIGH EO		
Coláiste Dáibhéid	Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo	681
Coláiste na Maighne	Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo	182
Coláiste Bhreandáin	Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo	386
Coláiste Thiarnáin Naofa	Crois Mhaoilfona, Contae Mhaigh Eo	223
Coláiste Phádraig Naofa	Ráth Leacáin, Contae Mhaigh Eo	165
Coláiste Pobail Acla	Acaill, Contae Mhaigh Eo	232
Gaelcholáiste Chomáin	Ros Dumhach, Contae Mhaigh Eo	53
Coláiste Sheosaimh Naofa	Baile Chathail, Contae Mhaigh Eo	148
SLIGEACH		
Coláiste an Chorráin	Baile an Mhóta, Contae Shligigh	85
Gairmscoil Chúl Átha	Baile Idir Dhá Abhainn, Contae Shligigh	498
Coláiste Iascaigh	Iascaigh, Contae Shligigh	139
Iarbhunscoil na Gráinsí	An Ghráinseach, Contae Shligigh	195
Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid	Béal Átha an Fhóid, Contae Shligigh	165
LIATROIM		
Coláiste Loch Aillionn	Droim Caorthainn, Contae Liatroma	162
Gairmscoil Dhroim Seanbhó	Droim Seanbhó, Contae Liatroma	261
Gairmscoil Charraig Álainn	Carraig Álainn, Contae Liatroma	328
Coláiste Pobail Mhaothla	Maothail, Contae Liatroma	363
IOMLÁN DALTAÍ DARA LEIBHÉAL		4,266

Iar-Ardteistiméireacht

Bíonn cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IAT) ar siúl i scoileanna agus coláistí ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. De ghnáth, is cúrsaí lánaimseartha a mhaireann bliain amháin a bhíonn i gceist, agus cuirtear cáilíocht bhreise ar fáil i roinnt acu sa dara bliain. Cuireann siad meascán d'obair phraiticiúil, obair acadúil agus taithí oibre ar fáil. De ghnáth, déanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a chuireann BOOMESL ar fáil ag Leibhéal 5 agus Leibhéal 6, agus tá cáilíochtaí eile cosúil le ITEC, CIBTAC agus CIDESCO ar fáil ag roinnt áiteanna.

Tá an líon na mac léinn IAT ar an rolla i scoileanna agus coláistí BOOMESL don bhliain acadúil 2018-2019 thíos:

COLÁISTE	ÁIT	2018-2019
Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh	Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo	223
Iar-Ardteistiméireacht Choláiste na Maighne	Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo	34
Coláiste Breisoideachais Cathair na Mart	Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo	219
IAT Choláiste Thiarnáin Naofa	Crois Mhaoilíona, Contae Mhaigh Eo	12
IAT Gaelcholáiste Chomáin	Ros Dumhach, Contae Mhaigh Eo	0
Coláiste Breisoideachais Shligigh	Sligeach, Contae Shligigh	484
Coláiste Chonnacht Thuaidh	Tobar an Choire, Contae Shligigh	105
IAT Choláiste Loch Aillionn	Droim Caorthainn, Contae Liatroma	24
IAT Ghairmscoil Dhroim Seanbhó	Droim Seanbhó, Contae Liatroma	29
IOMLÁN DALTAÍ IAT		1,130

Cláir Críochnaithe Scoilaíochta

Bunaíodh an Clár Críochnaithe Scolaíochta (CCS) mar chuid de Straitéis DEIS na Roinne Oideachais agus Scileanna (ciallaíonn DEIS 'Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh' i mBéarla). Bunaíodh an tseirbhís sin i Maigh Eo in 2007 agus tá sé ar fáil do bhunscoileanna agus meánscoileanna DEIS i Maigh Eo thuaidh agus theas. In 2011, tugadh an Clár Críochnaithe Scolaíochta isteach sa Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) agus tá sé suite anois in Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanai agus an Teaghlach.

Tá sé mar aidhm ag an CCS líon na ndaoine óga a fhanann i mbunscoileanna agus meánscoileanna a mhéadú trí fheabhas a chur ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil daltaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol an scoil a fhágáil go luath. Leagtar béim an chlár ar tacaíochtaí agus idirghabhálacha a dhíriú ar agus a chur ar fáil do na daltaí sin chun go n-éireoidh leo a n-oideachas foirmiúil a chríochnú. I measc na n-idirghabhálacha, tá clubanna bricfeasta, clubanna obair baile, tacaíochtaí iarscoile, tacaíocht aonair do dhaltaí, tacaíochtaí teiripeacha cosúil le comhairleoireacht agus teiripe ealaíne, teagasc breise, cláir mheantóireachta, cláir aistrithe agus campaí samhraidh. Cuireann an CCS tacaíochtaí in oiriúint do riachtanais na ndaltaí go léir, ach go háirithe iad siúd atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath.

Feidhmíonn BOOMESL na Cláir Críochnaithe Scoile Mhaigh Eo Thuaidh agus Theas agus bainistíonn Coistí Bainistíochta Áitiúla iad, coistí ar a bhfuil ionadaithe ó scoileanna, seirbhísí óige agus gníomhaireachtaí eile sa cheantar.

Sa bhliain 2018, cuireadh seirbhísí ar fáil do dhaltaí sna scoileanna seo a leanas i Maigh Eo:

Scoil	Líon daltaí
Coláiste Dáibhéid, Caisleán an Bharraigh	54
Scoil Mhuire agus Pádraig, Béal Átha na Muice	42
Coláiste Pobail Acla, Acaill	36
Coláiste na Maighne, Béal an Átha	46
Coláiste Thiarnáin Naofa, Crois Mhaoilíona	19
Coláiste Bhreandáin, Béal an Mhuirthead	29
Ghaelcholáiste Chomáin, Ros Dumhach	13
Scoil Íosa, Béal an Átha	109
Scoil Phádraig, Béal an Átha	11
Gaelscoil na gCeithre Maol, Béal an Átha	10

Ráiteas Seirbhíse - Breisoideachas agus Oiliúint

Is léiriú é *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019* (Straitéis FET) de chuid SOLAS ar na prionsabail a leagadh amach i *bPlean Gníomhaíochta do Phoist an Rialtais, Conairí chun Oibre 2016-2020* agus beartas oideachais níos leithne. Tugann an Straitéis FET aghaidh ar na dúshláin ar leith atá roimh an earnáil agus cuireann sé cláir scileanna dírithe chun cinn chun tacaíocht a thabhairt do chuardaitheoirí poist scileanna a fhoghlaim arís agus a fhoghlaim den chéad uair i réimsí ina bhfuil deiseanna oiriúnacha fostaíochta ag teacht chun cinn. Ar an mbealach sin, tá forbairt á déanamh ar bhreisoideachas agus oiliúna chun cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán atá solúbtha agus forásach a sholáthar.

Tacaíonn BOOMESL go sonrach le prionsabail na Straitéise FET i ngach cuid de phleanáil agus soláthar. Déanann sé é sin trí leanúint d'fhorbairt agus oiliúint scileanna a ailíniú le riachtanais fiontraíochta an réigiúin agus trí leanúint d'obair a dhéanamh ar mhaithe le príomhchuspóir an Phlean Gníomhaíochta do Phoist trí fhostaíocht sa réigiún a mhéadú 10-15% sa tréimhse suas go dtí 2020 (*Plean Gníomhaíochta do Phoist: Réigiún an Iarthair 2015-2017*). Leanfaidh BOOMESL de bheith i gceannas ar sholáthar FET sa réigiún, thar gach earnáil ó oideachas bunúsach go dtí oiliúint ar leith i scileanna agus bunaithe san ionad oibre. Mar an soláthróir roghnaithe, beidh BOOMESL ag croílár na gcomhpháirtíochtaí ábhartha agus nuálacha leis an tionscal le linn cláir oideachais oiliúna ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a sholáthar. Bainfear é sin amach fad a choimeádtar béim ar an bpobal agus a chuirtear daoine leochaileacha agus daoine ar imeall an tsochaí san áireamh. Déanfar rath an bhreisoideachais agus oiliúna sa réigiún a mheas ina leith sin.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Oideachas gur príomhchuspóir é printíseachtaí agus oiliúntachtaí a fhorbairt. Tá cuid mhaith áiseanna, infreastruchtúir, scileanna agus inniúlachtaí ag BOOMESL chun cláir printíseachtaí a sholáthar agus leanfaidh sé de Phrintíseachtaí Ceirde a sholáthar ar aon dul leis an éileamh méadaithe. Leanfar ar aghaidh le printíseachtaí i gCeardaíocht Leictreach, Cearpantóireacht agus Siúinéireacht, Oibriú Miotail agus Mótarmheicníocht chomh maith.

Cuireann oiliúntachtaí cláir oiliúna solúbtha agus freagrúla i bhforbairt scileanna ceirde ar fáil. Tá siad curtha in oiriúint do riachtanais earnála tionsclaíochta ar leith nó fo-earnála ar leith agus bronnar cáilíochtaí atá aitheanta ag an leibhéal náisiúnta ag an deireadh.

Tá BOOMESL chun tosaigh sna printíseachtaí seo a leanas:

- Siúinéireacht
- Ceardaíocht - Leictreach
- Ionstraimíocht Leictreonach
- Deisiúchán Creatlaigh Feithicle
- Uirliseoireacht
- Commis Chef
- Búistéireacht
- Ceardaíocht - Leictreach
- Uathoibriú Meicniúil agus Feisteoir Cothabhála

Leagfaidh Plean Seirbhíse Oideachais Phobail (SOP) de chuid BOOMESL béim ar chaidreamh a bhunú le foghlaimoirí atá deacair a shroicheadh i suíomhanna pobail chun a riachtanais foghlama a aithint, chun páirt a thabhairt dóibh i gclár gearrthéarmach agus páirtaimseartha agus tacaíocht a thabhairt lena ndul ar aghaidh chuig roghanna eile FET creidiúnaithe. Cuireann an SOP deiseanna agus uaireanta teagaisc ar fáil do ghrúpaí áitiúla pobail agus deonacha. Áirítear leis na príomhghrúpaí sprice ar fud an

réigiúin daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine a fhágann scoil go luath, daoine faoi mhíchumas, fir agus mná faoi mhíbhuntáiste, an Lucht Siúil, daoine níos sine, imircigh agus teifigh / cuardaitheoirí tearmainn.

Le linn na bliana atá le teacht, déanfaidh BOOMESL na nithe seo a leanas:

- leanúint ar aghaidh lena obair mar bhall gníomhach den Fhóram Réigiúnach Scileanna
- cruinnithe rialta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí a choimeád ar fud an réigiúin, agus ar an mbealach sin éascaíocht a dhéanamh ar riachtanais oiliúna daoine dífhostaithe a aithint
- leanúint ar aghaidh leis an gclár rannpháirteachais fostóirí chun a chinntiú go gcomhlíonfar na riachtanais fostaíochta sa réigiún
- an chéad phrintíseacht nua san earnáil BOO i mBúistéireacht agus Díolachán a rolladh amach
- leanúint ar aghaidh lena obair chun printíseachtaí nua a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an tionscal
- leanúint ar aghaidh tionscnaimh eile Breisoideachais agus Oiliúna a cheapadh

Raon an tSoláthair

Cuireann BOOMESL réimse leathan clár FET ar fáil. Tá sé mar aidhm ag na cláir ar fad riachtanais oiliúna daoine, idir dhaoine fostaithe agus dhaoine dífhostaithe, a chomhlíonadh chomh maith le riachtanais eacnamaíochta na bhfostóirí sa réigiún.

Áirítear leis na cláir:

- Iar-Ardteistiméireacht
- Printíseachtaí
- Oiliúnachtaí
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO)
- Litearthacht d'Aosaigh
- Oideachas Bunata Aosach Dian
- Oideachas Pobail
- Sainoiliúint Scileanna
- Ógtheagmháil
- Ionaid Oiliúna Pobail
- Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna
- Scileanna don Obair (SDO)
- Cúrsaí Oíche agus Ranganna Oíche Féinmhaoinitheacha
- Seirbhís Eolais agus Treorach Oideachais Aosach
- Seirbhísí do Ghnólachtaí
- Comhoibriú le hinstitiúidí eile

Ionaid Oiliúna agus Soláthar Oiliúna BOOMESL

Cuirfidh Ionaid Oiliúna BOOMESL bunaithe i Sligeach agus Béal an Átha oiliúint ar fáil do dhaoine ar bhealach díreach agus indíreach thar réimse cineálacha clár.

Áirítear leis sin na cineálacha clár seo a leanas agus na spriocúimhreacha a ngabhann leo:

Cineál cláir	Spriocúimhir do 2019
Oiliúnachtaí	242
Sainoiliúint Scileanna	566
Printíseachtaí	779
Ionaid Oiliúna Pobail	100
Sainchláir Oiliúna	252
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla (TOÁanna)	224

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas

Cuireann an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO) i BOOMESL cláir bhreiseoideachais pháirtaimseartha ar fáil do dhaoine fásta (os cionn 16 bliana d'aois). Bhí 191 cúrsa difriúil sna cláir seo ar fud na dtí chontae. Is é aidhm na gclár deis a thabhairt do dhaoine filleadh ar an bhfoghlaim fad a chomhlíonann siad a gcuid ceangaltas eile, mar shampla freagrachtaí sa bhaile, san ionad oibre agus freagrachtaí eile. Cuirtear cláir ar fáil ar bhonn páirtaimseartha agus pleanáiltear iad i gcomhar le foghlaimeoirí, fostóirí, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí eile. Mar sin, cuireann siad rogha solúbtha ar fáil a thugann deis do dhaoine filleadh ar an oideachas. I measc an spriocghrúpa ar a ndírítear, tá na daoine a d'fhág an scoil go luath agus daoine atá dífhostaithe agus nach mór dóibh scileanna nua a fháil.

I measc na gcúrsaí atá curtha ar fáil tá:

- Ábhair ag Leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta
- Mórdhámhachtainí agus Miondámhachtainí DCCÉ ag Leibhéal 3 agus 4
- Dul ar Aghaidh go dtí Mórdhámhachtainí agus Miondámhachtainí DCCÉ ag Leibhéal 5 agus 6.

Tá cúrsaí TFO ar fáil saor in aisce do dhaoine a fhaigheann íocaíocht Leasa Shóisialaigh agus d'iaratasóirí nach bhfuil cáilíocht Ardteistiméireachta nó a comhionann acu. Tá táillí iníoctha in imthosca áirithe eile.

Is iad cuspóirí ginearálta an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Obair rannpháirteachas i measc daoine óga agus daoine fásta nach bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí acu a mhéadú le réimse deiseanna solúbtha foghlama. Is tosaíocht an tionscnaimh díriú ar dhaoine agus grúpaí a bhfuil baic ghéara ar leith rompu ó thaobh páirt a ghlacadh san oideachas agus nach bhfuil chomh éasca a mhealladh isteach sa phróiseas foirmiúil foghlama.

I measc na gcúrsaí a chuirfear ar fáil in 2019 beidh na cúrsaí seo a leanas:

Cineál Cláir	Spriocúimhir do 2019
Modúil TFC DCCÉ Leibhéal 3, 4 agus 5	124
Staidéar Sláinte, Teaghlaigh agus Sóisialta, Cúram Leanai agus Cúram Sláinte ina measc	1571
Cláir Eile TFO	1181
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile	775

Seirbhís Litearthachta do Dhaoine Fásta

De réir na hÁisíneachta Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, déanann litearthacht d'aoisigh tagairt do:

"Teanga, léitheoireacht, scríbhneoireacht, uimhearthacht agus teicneolaíocht laethúil le haghaidh cumarsáide (teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide). Tá gnéithe pearsanta, sóisialta agus eacnamaíoch den litearthacht."¹

Cuireann an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí fásta feabhas a chur ar a gcuid foghlama, muiníne agus scileanna. Ceaptar gach cúrsa chun go mbeidh sé úsáideach do dhaoine fásta ina saol laethúil agus go ndéanfaidh sé forbairt ar a leibhéal agus suimeanna.

Mar chuid den tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh sna trí chontae, cuirfear na cláir ar leith ar fáil in 2019:

Cineál cláir	Líon rannpháirtithe	Líon cúrsaí / grúpaí
Cláir ghinearálta litearthachta, uimhearthachta agus TCF d'aoisigh, Cláir Foghlama Teaghlaigh san áireamh	1966	272
Teagasc Dian in Oideachas Bunata Aosach (TDOBA)	89	17
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)	775	76
Clár Athlonnaithe Dídeanaithe	33	5

Oideachas Pobail

Baineann Oideachas Pobail le hoideachas agus foghlama aosach, de ghnáth taobh amuigh den earnáil fhoirmiúil oideachais. Tá sé mar aidhm ag an scéim cumhacht agus tacaíocht a thabhairt do phobail. Tá an scéim bunaithe go láidir ar an bpobal: glacann grúpaí áitiúla freagracht as, agus tá ról tábhachtach acu i, gcúrsaí a eagrú agus ábhar an chláir a shocrú. Cuireann an scéim ar chumas daoine fásta atá faoi mhíbhuntáiste leas a bhaint as oideachas pobail saor in aisce nó ar chostas íseal.

Is féidir le hOideachas Pobail athrú ó bhonn a dhéanamh ar shaol na ndaoine agus cuireann sé le comhtháthú sóisialta. Cuireann sé deiseanna ar fáil le haghaidh foghlama ó ghlúin go glúin, cothaíonn sé féinmhuinín agus féinmheas dóibh siúd nach bhfuil ardscileanna acu nó a raibh taithí dhiúltach acu in oideachas foirmiúil. Féadann sé céim ar an aistear a chur ar fáil i dtreo foghlaim bhreise, cáilíochtaí breise agus obair thairbheach. Leag an Coimisiún Eorpach béim chomh maith ar an ról ríthábhachtach atá ag sochaí shibhialta maidir le foghlaim d'aoisigh a chur chun cinn, ach go háirithe ó thaobh foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a chothú, agus ar an ngá chun tús áite a thabhairt do phobail foghlama agus líonraí sóisialta.

Pleanáiltear an soláthar seo a leanas a chur ar fáil in 2019:

Cineál cláir	Líon rannpháirtithe	Líon cúrsaí / grúpaí
TFC Bunúsach, Forbairt Shóisialta agus Phearsanta, Sláinte agus Folláine, Ealaíona Pobail, Forbairt Phobail	4.298	437

¹ An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh: *Litearthacht a Chomhtháthú: Treoirínte d'ionaid bhreiseoideachais agus oiliúna, Leagan leasaithe 2013*

Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna

Faoi scáth Choiste Gairmoideachais Chontae Shligigh, bhí leithdháileadh ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna a bhféadfadh úsáid a bhaint as i ngníomhaireachtaí eile chun tacú le hoideachas aosach bunúsach a sholáthar laistigh dá gclár agus seirbhísí. Coinníodh an leithdháileadh sin thar na blianta agus tá achoimre ar na gníomhaíochtaí atá pleanáilte do 2019: thíos: 2019

Ainm na Comhoibrithe	Gníomhaireachta	Leithdháileadh in Uaireanta	Líon Foghlaimoirí
Ionad Oiliúna Pobail Shligigh		860	16
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Teach Acmhainne Bhaile Uí Theimhneáin, Sligeach		557	13
Cheshire Homes, Sligeach		100	1

In 2019, tá leithdháileadh 1,517 uair chun an tseirbhís / na cláir seo a leanas a chur ar fáil.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)

Díríonn an SDOG ar rannpháirtithe os cionn 21 bliain d'aois, daoine dífhostaithe agus iad siúd a bhí ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe le 6 mhí ar a laghad. Díríonn sé ach go háirithe orthu siúd atá dífhostaithe agus / nó daoine a fhágann an scoil go luath. Cuireann an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais réimse leathan cúrsaí chun riachtanais oideachais agus oiliúna daoine dífhostaithe a chomhlíonadh. Tugann an scéim deiseanna do rannpháirtithe feabhas a chur ar a leibhéal ginearálta oideachais, teastas a fháil, a scileanna a fhorbairt agus ullmhú le haghaidh fostaíochta, féinfhostaíochta agus breisoideachais agus oiliúna. De ghnáth, bíonn cláir SDOG ar siúl thar thréimhse dhá bhliain agus feidhmíonn siad ar bhonn lánaimseartha ó Mheán Fómhair go dtí deireadh Mhí an Mheithimh. Feidhmíonn BOOMESL naoi n-ionad SDOG agus tá sé beartaithe an soláthar seo a leanas a chur ar fáil in 2019:

Ionad	Líon áiteanna do dhaltaí	Áit
SDOG Acla	20	Acaill, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhéal an Átha	30	Bóthar na hArd-Eaglaise, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhaile an Róba	20	Bóthar na hÉille, Baile an Róba, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhéal an Mhuirthead	20	Bóthar an tSéipéil, Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo
SDOG Chaisleán an Bharraigh	40	Lána an Mhuilinn, an Phríomhshráid, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo
SDOG Bhéal Átha na Muice	20+10 ²	Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal Átha na Muice, Contae Mhaigh Eo
SDOG Shligigh	40	Foirgneamh BOOMESL, Sráid na Cé, Sligeach
SDOG Thobar an Choire	20	Coláiste Chonnacht Thuaidh, Tobair an Choire, Contae Shligigh
SDOG Dhroim Seanbhó	40+8 ³	Droim Seanbhó, Contae Liatroma

² Tá 10 n-áit scaipthe i Maigh Eo. Bainistíonn SDOG Bhéal Átha na Muice iad agus cuirtear san áireamh le huimhreacha héal Átha na Muice iad.

³ Tá 8 n-áit scaipthe i Liatroim. Bainistíonn SDOG Dhroim Seanbhó iad agus cuirtear san áireamh le huimhreacha Dhroim Seanbhó iad.

Ionaid Oiliúna Pobail

Cuirtear oiliúint do dhaoine a fhágann an scoil go luath ar fáil trí Ionad Oiliúna Pobail (IOP) Shligigh i gClabhach, Sligeach agus in Ionad For-rochtana nua i gCora Droma Rúisc. I measc na gcúrsaí a chuirtear ar fáil, tá Lónadóireacht, Gruagaireacht, Spóirt agus Áineas agus cúrsaí éagsúla TCF. Téann cuid mhór de na foghlaimeoirí a chríochnaíonn cláir san IOPanna ar aghaidh go dtí cúrsaí lárshrutha i réimsí eile den BOO. Tugann na hionaid oiliúna pobail deis dóibh siúd a d'fhág an scoil go luath an dara seans oideachas a fháil agus tugann siad deis dóibh leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéar.

Tá IOPanna cosúil le hionaid Ógtheagmhála, mar freastalaíonn siad ar dhaoine idir 16 agus 21 bliain d'aois a d'fhág an scoil go luath. Díríonn na cláir ar ghairmeacha, agus bronntar mórdhámhachtainí DCCÉ ag leibhéal 3, 4 agus 5 ag deireadh na gclár. Mar a luadh cheana, feidhmítear an t-ionad faoi scáth Ionaid Oiliúna agus Soláthar Oiliúna BOOMESL.

In 2019, cuirfear áiteanna ar fáil do 100 foghlaimeoir ag an Ionad Oiliúna Pobail.

Seirbhís Eolais agus Treorach Oideachais Aosach

Cuireann an tSeirbhís Eolais agus Treorach Oideachais Aosach comhairle, treoir agus eolas atá neamhchlaonta agus rúnda ar fáil do dhaoine fásta i dtaca lena gcuid oideachais, oiliúna agus gairmeacha. Tá an tseirbhís ar fáil do dhaoine fásta:

- Atá ag smaoineamh ar fhilleadh ar an oideachas nó leanúint lena gcuid oideachais
- A bhfuil deacracht acu post oiriúnach a aimsiú nó a choinneáil mar gheall ar easpa cáilíochtaí oideachais cuí
- Ar mian leo triail a bhaint as foirmeacha nua breisoideachais nó oiliúna atá ar fáil i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.
- Tá eolas neamhchlaonta maidir le hoideachas aosach áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta ar fáil don phobal i gcoitinne.

In 2019, meastar go mbainfidh 3,446 úsáideoir leas as na seirbhísí sin.

Cúrsaí Oíche agus Ranganna Oíche Féinmhaoinitheacha

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma ranganna oíche i roinnt ionad ar fud na dtrí chontae. Dírítear na ranganna seo ar dhaoine fásta atá ag iarraidh cáilíochtaí breise a fháil, scileanna nua a fhoghlaim nó rudaí a dhéanamh bunaithe ar a gcuid suimeanna. Tá cúrsaí oíche ar fáil do gach duine (idir dhaoine fostaithe agus dífhostaithe) ach tá táille i gceist dóibh siúd atá ag obair. Ní mór do chliaint a íocann táillí iarratas a chur isteach go díreach chuig an scoil / ionad. Is féidir le daoine dífhostaithe teagmháil a dhéanamh lena nOifig Seirbhísí Fostaíochta de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí le haghaidh eolais a fháil faoina dteidlíocht chun cúnamh a fháil maidir le táillí a íoc.

In 2019, tá sé beartaithe cúrsaí oíche nó ranganna oíche féinmhaoinitheacha a chur ar fáil do 1756 duine.

Scileanna don Obair

Is clár náisiúnta é Scileanna don Obair (SDO) a bhfuil sé mar aidhm aige deiseanna oiliúna a chur ar fáil chun tacú le fostaithe aghaidh a thabhairt ar éilimh bhunúsacha ó thaobh scileanna san ionad oibre de. Cuireann SDO réimse ábhar ar fáil a thacaíonn le riachtanais oideachais an fhostaí ag amanna agus áiteanna áisiúla. Deartar cúrsaí chun go mbeidh siad solúbtha agus chun go rachfaí in oiriúint do riachtanais na bhfostaithe agus na bhfostóirí. Maireann cúrsaí SDO 35 uair agus d'fhéadfaidís creidiúnú a chur ar fáil suas le Leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochta.

In 2019, cuirfear na cláir seo a leanas ar fáil trí Scileanna don Obair:

Cineál cláir	Líon rannpháirtithe	Líon cúrsaí / grúpaí
Teicneolaíocht Faisnéise, Teanga agus Cumarsáid, Eile	374	64

Scileanna ar mhaithe le Dul Chun Cinn - Clár Forbartha d'Fhostaithe

Sheol an tAire Richard Bruton creatlach nua bheartais ar Dé Máirt, 11 Meán Fómhair 2018: 'Tacaíocht a Thabhairt do Shaoilta Oibre agus Fás Fiontair 2018-2021: creatlach bheartais um bhreiseoideachas agus oiliúint le scileanna na ndaoine atá ag obair a fhorbairt'.

Cumasóidh an beartas nua seo tacaíocht dhírithe ar ghrúpaí leochaileacha i lucht saothair na hÉireann, ach go háirithe iad siúd a bhfuil leibhéil scileanna níos ísle acu agus a bhfuil tuilleadh deiseanna ag teastáil uathu chun dul chun cinn a dhéanamh ina saol oibre. Chomh maith leis sin, tacaíonn an beartas le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu chun infheistíocht a dhéanamh ina lucht oibre agus an lucht oibre sin a fhorbairt.

Le seoladh na creatlaí beartais, atá á cur chun cinn mar an tionscnamh Scileanna ar mhaithe le Dul Chun Cinn (nó Skills to Advance), cuirfear tús le forbairt chorráitheach nua ar sholáthar breisoideachais agus oiliúna do BOOMESL agus beidh deis ann naisc níos láidre a fhorbairt leis an bhfiontar.

Cuireann an tionscnamh seo deiseanna tairbheacha forbartha scileanna ar fáil dóibh siúd i jabanna a bhfuil leibhéil ísle scileanna ag baint leo a oibríonn i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide in earnálacha leochaileacha.

Is féidir le fostaithe rochtain a fháil ar dheiseanna uasoiliúna agus athoiliúna ar cheann amháin de thrí chonair:

Conair 1: Arna soláthar go díreach d'fhostaithe

Tacú le scileanna a fhás agus a fhorbairt chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lena roghanna oibre.

Conair 2: Le rannpháirtíocht ghnó

Rinneadh é a fhorbairt i gcomhar le fiontair bheaga agus mheánmhéide chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ar leith a lucht oibre.

Conair 3: Mar chuid d'fhorbairt réigiúnach

Chun leochaileacht a shárú agus leas a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn i réigiúin agus tionscail ar fud na hÉireann.

In 2019, cuirfear na cláir seo a leanas ar fáil trí Scileanna don Obair:

Cineál cláir	Líon rannpháirtithe	Líon cúrsaí / grúpaí
Conair 1 - Cúrsaí Oíche	120*	14
Conair 2 - Le rannpháirtíocht ghnó	28*	4
Conair 3 - Le rannpháirtíocht ghnó	40*	10

Obair don Ógra

Leanfaidh Seirbhísí Óige BOOMESL dá fheidhm maidir le hobair don ógra a chomhlíonadh chun tacú le seirbhísí oibre óige a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheas, i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ).

I dtaca leis sin, tabharfaidh BOOMESL faoi na bearta áirithe seo a leanas:

- An Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla a thabhairt do chlubanna óige faoi stiúir oibrithe deonaithe
- Caighdeán Náisiúnta um Cháilíocht a chur i bhfeidhm maidir le Grúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha agus an Creat Náisiúnta um Chaighdeán Cháilíochta don Earnáil Óige
- An Tionscadal Speisialta don Ógra agus línte maoinithe eile le haghaidh seirbhísí óige a thabhairt do sheirbhísí óige thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus na Roinne Sláinte
- An Tionscnamh um Infhostaitheacht Óige de chuid na Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a riar
- Caidreamh gníomhach leis an aos óg agus a rannpháirtíocht trí thacaíocht a thabhairt do Chomhairlí na nÓg i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim

Anuas ar an méid thuas, cuirfidh BOOMESL tús le hobair don ógra agus gníomhaíochtaí lena mbaineann agus déanfaidh sé obair ar mhaithe leis sin. Déanfar é sin trí pháirt a ghlacadh i réimse coistí agus struchtúr idirghníomhaireachta, cosúil leis an gCoiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga i ngach contae.

Baineann príomhghné de ghníomhaíochtaí oibre don aos óg a dhéanann BOOMESL in 2019 le maoiniú le haghaidh tionscadail áitiúla don aos óg a aistriú chuig BOOMESL. Cuirfidh sé sin méadú mór ar ról BOOMESL i dtaca le riarachán agus maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail oibre don aos óg sa réigiún. Anuas air sin, leanfar obair ar aghaidh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le tionscadal nua faoi Scéim um Mhaoiniú Dírithe don Aos Óg de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, go háirithe i dtaca leis an tionscadal nua, Seirbhís d'Aos Óg Bhéal Átha hAmhnais. Ar deireadh, tabharfar faoi obair leis an RLGÓ chun *Próifíl Cheantair, Measúnú ar Riachtanais agus Riachtanas Seirbhíse* a chur le chéile.

Ógtheagmháil

Faoi láthair, tá cúig Ionad Ógtheagmhála faoi scáth BOOMESL. Tá trí cinn i Maigh Eo (Béal an Átha, Baile an Róba agus Coillte Mach), ceann amháin i Sligeach agus ionad nua i Maothail, Contae Liatroma. Bíonn cláir ar siúl cúig lá sa tseachtain le linn na bliana acadúla. Cuirtear clár samhraidh ar fáil i ndiaidh na scrúduithe stáit a dhíríonn ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta an dalta. Clúdaíonn an earnáil Ógtheagmhála fíis agus misean BOOMESL cheana féin agus feidhmíonn sí de réir a phrionsabal treorach.

Feidhmíonn Ógtheagmháil beartas rollaithe leanúnaigh. Mar sin, tá cláir ábalta a bheith freagrúil do riachtanais na n-iarratasóirí agus cuirtear Plean Aonair Foghlama le chéile do gach rannpháirtí le cúnamh ó theagascóir. Baineann ionaid áirithe úsáid as prionsabail oibre don aos óg, stíleanna éagsúla teagaisc agus cuir chuige aindreolaíochta chun na tairbhí do dhaltaí a uasmhéadú. Go traidisiúnta, bhí gné láidir ghairme ag an soláthar in Ionaid Ógtheagmhála BOOMESL. Mar shampla, baineann go leor daltaí leas as taithí oibre sna hearnálacha óstán, lónadóireachta agus turasóireachta, innealtóireacht, tógáil agus an earnáil talmhaíochta. Cothaíodh naisc láidre le gnólachtaí áitiúla agus téann roinnt daltaí ar aghaidh chun poist a fháil go háitiúil.

Cuirfear seirbhísí ar fáil don sprioclíon daoine seo a leanas in 2019:

Ionad Ógtheagmhála	Líon foghlaimeoirí
Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo	40
Baile an Róba, Contae Mhaigh Eo	40
Coillte Mach, Contae Mhaigh Eo	30
Baile Shligigh	40
Maothail, Contae Liatroma	25

Glúin an Cheoil

Cuireann Glúin an Cheoil réimse tionscadal oideachais ceoil ar fáil do leanaí agus daoine óga mar chuid de chlár náisiúnta Ghlúin an Cheoil ar chuir Lónra Ceoil tús leis. Comhchistíonn U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil áitiúla Lónra Ceoil.

Creideann Glúin an Cheoil go bhfuil cumas ceoil ag gach leanbh agus duine óg. Is é fíis Ghlúin an Cheoil rochtain ionchuimsitheach ar oideachas ardchaighdeán ceoil a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga, oideachas a sholáthraíonn ceoltóirí oilte proifisiúnta a dhéanann caidreamh ar bhealach inspioráideach le leanaí agus daoine óga ina bpobail.

Feidhmíonn cláir Ghlúin an Cheoil i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.

Glúin an Cheoil Mhaigh Eo

Is seirbhís oideachais ceoil é Glúin an Cheoil Mhaigh Eo do leanaí agus daoine óga idir 0-18 mbliana i gContae Mhaigh Eo. Go háitiúil, tá Glúin an Cheoil Mhaigh Eo á bainistiú ag Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Mhaigh Eo ar a bhfuil ionadaithe ó BOOMESL, Oifigí Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus Ionad Oideachais Mhaigh Eo.

Cuireadh na seirbhísí seo a leanas ar fáil in 2018:

Cineál Cláir	Líon daltaí
Cláir Rochtana ar Cheol, Béal an Átha	38
Clár Ceardlanna Scoileanna 2018	238
Clár Téaduirilís Iorrais	120
Beam - Clár Ceoil agus Míchumais	33
Céilí Ukulele - Clár do Bhunscoileanna	560
An Clár Ensemble Cláirsí	67
Clár na nIonad Réigiúnach Teagaisc	661
Clár Ceoil na Luathbhlianta de chuid Soundworld	427
Clár Comhpháirtíochta Brass & Reed	58
The Core, Béal an Átha	64
Leabharlann Iasachtaí Ghlúin an Cheoil Mhaigh Eo (Taiscí Uirlisí)	413
Deiseanna Forbartha Leanúnaí do theagascóirí ceoil	43

Glúin an Cheoil Shligigh

Tá Glúin an Cheoil Shligigh á bainistiú agus á maoiniú go háitiúil ag BOOMESL, Comhairle Contae Shligigh, Ionad Oideachais Shligigh, Coiste Cúraim Leanaí Chontae Shligigh, Athghiniúint an Chrainn Mhoir agus an eanáil áitiúil cheoil.

Soláthraíonn Glúin an Cheoil Shligigh clár oideachais ceoil léirithe - is é sin teagasc uirlise agus amhránaíochta i ngach seánra ceoil agus gach cineál uirlise agus stíle amhránaíochta a chuireann ceoltóirí proifisiúnta oilte ar fáil.

Áirítear leis na cláir in 2018 na cláir seo a leanas:

Cineál Cláir	Líon daltaí
Clár Luathbhlianta 'Discovering Music'	179
Clár Scoileanna 'Discovering Music'	4135
Teagasc uirlise agus amhránaíochta	461
Go See (clár forbartha lucht éisteachta)	1584
Clár Ionchuimsitheach Oideachais Ceoil Con Tutti	247
Léirithe agus tionscadail speisialta	318

Glúin an Cheoil Liatroma

Tá Glúin an Cheoil Liatroma á bainistiú tá á maoiniú go háitiúil ag BOOMESL, Comhairle Contae Liatroma agus an earnáil áitiúil cheoil.

Soláthraíonn Glúin an Cheoil Liatroma roinnt clár oideachais ceoil, lena n-áireofar clár atá bunaithe i scoileanna Vocalworks, agus Cór Ógra Liatroma.

Áireofar leis na cláir in 2019 na cláir seo a leanas:

Cineál Cláir	Líon daltaí
An clár do bhunscoileanna, Vocalworks	912
Cór do Leanaí	25
An Tionscadal Síochána Ukes4Youth	62
Ceardlann amhránaíochta Chruinniú na nÓg	33

Ráiteas Seirbhíse - Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Tá colún na Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta i BOOMESL eagraithe faoi thrí réimse feidhme, mar seo a leanas:

- Acmhainní Daonna
- Seirbhísí Corparáideacha
- Airgeadas

Tá na feidhmeanna seo lonnaithe sna trí oifig riaracháin i gCaisleán an Bharraigh, Sligeach agus Cora Droma Rúisc agus cuireann siad raon iomlán seirbhísí ar fáil ar fud na heagraíochta. Laistigh de na rannóga seo, tá raon saineolais a chlúdaíonn gach gné de thacaíocht riaracháin. Fuair an fhoireann leibhéal suntasach eolais chorparáidigh maidir le raon na seirbhísí a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear an chreatlach reachtúil agus rialála faoina bhfeidhmíonn BOOanna.

I measc na gcúinsí tábhachtacha a mbeidh tionchar acu ar obair an cholúin seo in 2019, tá:

Seirbhísí Comhroinnte

Tá creat náisiúnta um sheirbhísí comhroinnte do BOOanna á fhorbairt go fóill, creat a chlúdóidh na feidhmeanna párolla agus airgeadais, agus táthar ag súil leis go mbeidh an gné párolla i bhfeidhm sa chéad dá BOO roimh an dara ráithe in 2019. Déanfar an fórsa saothair a phleanáil agus réimsí inmheánacha oibríochta a atheagrú in 2019 chun pleanáil a dhéanamh don aistriú chuig seirbhísí comhroinnte. I dtaca leis an ngné párolla, tá sé beartaithe ag BOOMESL tuilleadh athruithe a dhéanamh ar an bpróiseas párolla in 2019 a dhéanfaidh éascaíocht ar an aistriú chuig seirbhísí comhroinnte. I measc na n-athruithe sin, déanfar gach ball foirne a íoc an líon uaireanta céann agus rollfar córas uathoibríthe amach le haghaidh éilimh maidir le pá páirtaimseartha a chur isteach. Leanfaidh BOOMESL de bheith i dteagmháil leis an Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT) maidir le dul chun cinn thionscadal na seirbhísí comhroinnte, ach go háirithe chun an cur i bhfeidhm a phleanáil ó thaobh ama de, agus pleanáil a dhéanamh maidir le cén tionchar a mbeidh aige sin ar riachtanas BOOMESL ar bhaill foirne.

Rialachas

Foilsíodh Cód Cleachtais nua um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna (Ciorclán ROS 002/2019) go luath in 2019. Cuireann sé creatlach cuimsitheach agus leathan rialachais ar fáil a dhéanfaidh eolas d'obair leanúnach an Bhoird agus na mball foirne de chuid BOOMESL. Liostaítear na coistí a dhéanann maoirseacht ar obair BOOMESL in Aguisín a hAon.

Cláir chaipitil

Ag tráth na scríofa, tá 17 dtionscadal tógála scoile ar siúl, lena n-áirítear cóiríocht bhreise, oibreacha éigeandála, cóiríocht shealadach, Cistiú Caipitil Spóirt agus Scéimeanna Oibreacha Samhraidh. Anuas air sin, tá clár cothabhála agus athchóirithe ag leanúint ar aghaidh in 2019 maidir le foirgnimh FET.

Bealaí le híoc

Córas iomlán bainistíochta do scoileanna chun admhálacha a bhainistiú. Laghdaíonn sé méid an airgid thirim a bhféadfaidh go mbeidh ar scoil é a láimhseáil san oifig, mar tugann sé deis do thuismitheoirí airgead a lóisteáil go díreach i gcuntais bhainc de chuid BOOMESL.

DCS Document Centric Solution nó Réiteach Doiciméad-Lárnach

Is córas éileamh ar líne é seo a mhaolaíonn éilimh ar páipéar agus gheobhaidh sé réidh le haon riosca a bhaineann le dúbláil in éineacht leis an gcóras VSWare.

Réamh-mheastachán Airgeadais

Caiteachas Réamh-Mheasta			
	Bliain dar críoch		Bliain dar críoch
	31/12/2019		31/12/2018 *
	€		€
Iarbhunscoileanna agus Ceannoifig	42,849,663		43,220,657
Breisoideachas agus Oiliúint	34,385,389		30,894,347
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	-		32,178
Seirbhísí Óige	399,000		811,132
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinitheacha	4,867,500		4,982,169
Caipiteal	1,500,000		1,075,295
	84,001,552		81,015,778
* Níl caiteachas bunaithe ach ar íocaíochtaí airgid thirim			
Ní dhearnadh iniúchadh ar fhigiúirí na bliana 2018 agus úsáidtear réamh-mheastacháin mura bhfuil figiúirí deiridh ar fáil.			

Scoileanna agus Ceannoifig			
	Bliain dar críoch		Bliain dar críoch
Íocaíochta Iarbhunscoileanna agus Ceannoifige	31/12/2019		31/12/2018 *
	€		€
Pá			
Teagasc	34,677,549		34,556,846
Riarachán	2,971,415		2,913,499
Cothabháil	1,203,157		1,162,602
	38,852,121		38,632,947
Neamhphá	2,582,851		3,250,350
Cláir Bhainteacha			
An Ciste Tacaíochta le Seirbhísí Scoileanna	568,191		609,083
Deontas Leabhar	134,574		161,109
Deontas DEIS agus Teagmhálaí Baile agus Scoile	195,547		187,547
Idirbhliain	41,990		99,925
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	15,960		37,816
Ardteistiméireacht Fheidhmeach (per capita)	14,949		9,467
Cúntóir Teanga Iasachta	3,000		2,844
Caipitíocht don Lucht Siúil	13,688		5,601
Fisic, Ceimic, agus Eolaíocht	4,706		1,212
Deontas um Ranganna Speisialta	7,000		6,631
Coimhdire Taistil	30,000		29,804
Cúrsaí Inseirbhíse	3,389		8,765
Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile	-		1,253
Deontas um Theicneolaíocht Chúnta	8,000		7,862
Innealtóireacht / Deontas Teicneolaíochta	1,000		760
Sláinte agus Sábháilteacht Adhmadóireachta	1,700		1,628
Deontas TCF	13,000		12,735
Trealamh Corpoideachais (Riachtanais Speisialta)	1,700		1,676
Bonneagar TCF	125,000		112,871
Teicneolaíocht na hArdteistiméireachta	11,000		10,139
Trealamh Speisialaithe	29,000		28,632
Speansais maidir le Socrúcháin Iasachta	20,000		-
Deontais Dhírithe Chaiteachais	117,564		-
Maoiniú Oideachas na Gaeltachta	53,733		-
	1,414,691		1,337,360
	42,849,663		43,220,657
* Níl caiteachas bunaithe ach ar íocaíochtaí airgid thirim			
Ní dheanadh iniúchadh ar fhigiúirí na bliana 2018 agus úsáidtear réamh-mheastacháin mura bhfuil figiúirí deiridh ar fáil atá ar fáil.			

Breisoideachas agus Oiliúint		
	Bliain dar críoch	Bliain dar críoch
Breisoideachas agus Oiliúint íocaíochtaí	31/12/2019	31/12/2018 *
	€	€
Breisoideachas		
VTOS	3,776,792	3,591,886
Ógtheagmháil	3,401,052	2,732,065
Litearthacht d'Aosaigh, Oideachas Pobail, Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile, Teagasc Dian in Oideachas Bunata Aosach agus Litearthacht Teaghlaigh DEIS	2,071,314	2,427,156
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	1,457,000	1,678,570
Seirbhís Treorach Oideachais Aosach	444,263	426,148
Tionscnamh Ógtheagmhála um Riachtanais Speisialta	-	91,323
Scileanna don Obair	226,492	-
Scileanna ar mhaithe le Dul Chun Cinn	500,000	-
Oideachas Ealaíon	-	28,739
Measúnú Deartha go hÁitiúil de chuid DCCÉ	144,000	129,357
Caipitíocht IAT	295,000	256,556
Seirbhísí Gairmthreorach/Comhairleoireacht/Síceolaíochta	-	29,814
Deimhniúitheoirí seachtracha DCCÉ	-	-
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Ógtheagmhála agus SDOG	-	21,210
Creatlach Cháilíochta	-	11,582
Ionaid do Thaistealaithe Sinsearach	230,000	55,759
Ciste Nuálaíochta	50,000	12,300
Deisiúcháin agus Cothabháil Áitribh Breisoideachais	-	208,331
Clár do Theifigh	174,000	-
Soláthar agus tacaíochtaí i gceantair ina bhfuil géarghá leo	415,000	-
Tacaíochtaí d'Fhoghlaim, Eolas, Forbairt Churaclaim, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus Cur Chun Cinn	194,779	-
	13,379,692	11,700,796
Oiliúint		
Soláthraí Sainoiliúna	3,385,973	3,414,114
Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna	1,798,854	2,195,529
Nascoiliúint, Bonnoiliúint agus Oiliúint Scileanna	2,201,038	3,345,493
Ionaid Oiliúna Pobail	1,931,115	1,631,966
Oiliúnachtaí	2,711,196	1,477,054
Printíseacht	4,654,794	3,396,119
Costais Oibríocháin	4,194,400	3,542,121
Cúrsaí Oíche	118,327	191,155
Eile	10,000	-
	21,005,697	19,193,551
Iomlán	34,385,389	30,894,347
Íocaíochtaí do Sheirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn		
Deontais agus Scoláireachtaí	-	32,178
	-	32,178
Íocaíochtaí do Sheirbhísí Óige		
Acht um Obair don Aos Óg	125,000	122,311
Deontas do Chlubanna don Aos Óg	64,000	62,487
Caipiteal d'Obair don Aos Óg	24,000	22,436
Tionscadail Speisialta Óige - Aos Óg faoi Mhíbhuntáiste	30,000	29,520
Tionscnamh um Infhostaitheacht Daoine Óga	16,000	15,330
Meabhairshláinte i measc Daoine Óga	-	- 400
Trealamh do Chlubanna don Aos Óg	-	420,735
An Clár um Fheasacht de chuid an Tascfhórsa Réigiúnach um Dhrugaí	140,000	138,713
	399,000	811,132
* Níl caiteachas bunaithe ach ar íocaíochtaí airgid thirim		
Ní dhearnadh iniúchadh ar fhiigiúirí na bliana 2018 agus úsáidtear réamh-mheastacháin mura bhfuil fiigiúirí deiridh ar fáil atá ar fáil.		

Aguisín 1: Scoileanna, Ionaid agus Coistí BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

SCOIL	SONRAÍ
Maigh Eo	
Coláiste Pobail Acla	Poll Rathnaí, Gob an Choire, Contae Mhaigh Eo www.cpacla.ie
Coláiste Dáibhéid agus Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh	Gort an Tobair, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo / An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo
Coláiste na Maighne	Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo www.moynecollege.ie
Coláiste Chomáin	Ros Dumhach, Contae Mhaigh Eo www.gcr.ie
Coláiste Bhreandáin	Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo www.stbrendanscollege.com
Coláiste Pobail Naomh Sheosaimh	Béal Átha na Sróna, Baile Chathail, Contae Mhaigh Eo www.sjcc.ie
Coláiste Phádraig Naofa	Ráth Leacáin, Cill Ala, Contae Mhaigh Eo www.lackencross.ie
Coláiste Thiarnáin Naofa	Crois Mhaoilfona, Contae Mhaigh Eo www.tiernanscollege.ie
Coláiste Breisoideachais Cathair na Mart	Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo www.westportcfe.ie
Sligeach	
Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid agus Coláiste Breisoideachais Shligigh	Bóthar an Ghalltrumpa, Sligeach www.ballinodecollege.com / www.sligocfe.ie
Coláiste Iascaigh	Iascaigh, Contae Shligigh colaisteiascaigh.scoilnet.ie
Gairmscoil Chúl Átha	Baile Idir Dhá Abhainn, Mainistir na Búille, Contae Shligigh www.coola.ie
Coláiste an Chorráin	Baile an Mhóta, Contae Shligigh www.corrancollege.com
Iarbhunscoil na Gráinsí	An Ghráinseach, Contae Shligigh www.grangepps.ie
Coláiste Chonnacht Thuaidh	Tobar an Choire, Contae Shligigh www.northconnaughtcollege.net
Liatroim	
Gairmscoil Charraig Álainn	Carraig Álainn, Contae Liatroma www.carrigallenvs.com
Gairmscoil Dhroim Seanbhó	Droim Seanbhó, Contae Liatroma www.dvs.ie
Coláiste Loch Aillionn	Droim Caorthainn, Contae Liatroma www.loughallencollege.ie
Coláiste Pobail Mhaothla	Maothail, Contae Liatroma www.mohillcommunitycollege.ie

IONAID BHREISOIDEACHAS AGUS OILIÚNA	SONRAÍ
Maigh Eo:	
Ionad Oiliúna Bhéal an Átha	Ceathrú an Chaisleáin Thiar, Béal an Átha, F26 P278
Ionad Breisoideachais Páirtaimseartha Chlár Chlainne Mhuiris	Lána an tSéipéil, Clár Chlainne Mhuiris, Contae Mhaigh Eo, F12 F5W7
Ionad Breisoideachais Acla	Ionad Oideachais Allamuigh Acla, Acaill, Contae Mhaigh Eo, F28 H7F2
SDOG Bhéal Átha na Muice	Béal Átha na Muice, Contae Mhaigh Eo, F12 DC93
SDOG/Ógtheagmháil Bhéal an Átha	Bóthar na hArd-Eaglaise, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo, F26 FEF4
SDOG/Ógtheagmháil Bhaile an Róba / Ionad Breisoideachais Bhaile an Róba	Baile an Róba, Contae Mhaigh Eo, F31 FK54
Ógtheagmháil Choillte Mach	Coillte Mach, Contae Mhaigh Eo, F12 CK33
Ionad Breisoideachais Bhéal an Mhuirthead	Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo, F26 D8H2
Ionad Breisoideachais Bhéal an Átha	Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo, F26 E264
Ionad Breisoideachais Bhéal Átha hAmhnais	Béal Átha hAmhnais, Contae Mhaigh Eo, F35 A064
Ionad Breisoideachas agus Oiliúna Chaisleán an Bharraigh	Caisleán an Bharraigh (Kingsbridge), F23 FW70
Sligeach:	
Ionad Oideachais d'Aosaigh, Sligeach	Sráid an Chaisleáin, Sligeach, F91 DK33
Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid / Coláiste Breisoideachais Shligigh	Bóthar an Ghalltrumpa, Béal Átha an Fhóid, Sligeach
Ionad Oiliúna Shligigh	Baile Uí Theimhneáin, Sligeach, F91 N284
Ógtheagmháil Shligigh	Páirc Gnó Chliabhraigh, Sligeach, F91 FY68
Liatroim:	
Iar-Ardteistiméireacht - Mayflower, Droim Seanbhó	Droim Seanbhó, Contae Liatroma, N41 Y8P6
Oideachas d'Aosaigh - Ionad Bee Park, Cluainín	Cluainín, Contae Liatroma, F91 HCD9
Oideachas d'Aosaigh - Teach na Toirbhirte, Cora Droma Rúisc	Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma, N41 A2H5
Coláiste Pobail Mhaothla	Maothail, Contae Liatroma, N41 CY58

COISTÍ BOO MHAIGH EO, SHLIGIGH AGUS LIATROMA
Bord BOOMESL
Coiste Iniúcháireachta
Coiste Airgeadais
Coiste Breisoideachais agus Oiliúna
Coiste Comhairleach Ógtheagmhála
Coiste Oibre don Ógra
Coiste Comhairleach Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Acla
Boird Bhainistíochta Scoileanna
Tá ionadaithe ar BOOMESL ar Choiste na nInstitiúidí Teicneolaíochta ag an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo agus Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Eolas Teagmhála

PRÍOMHOIFIG

BOOMESL,
An Baile Nua,
Caisleán An Bharraigh,
Co. Mhaigh Eo
F23 DV78

HEAD OFFICE

MSLETB,
Newtown,
Castlebar,
Co. Mayo
F23 DV78

Teil: +353 (0) 94 902 4188 **Facs:** +353 (0) 94 902 4187 **Ríomhphost:** infomayo@msletb.ie

FO-OIFIG

BOOMESL,
Sráid Na Cé
Sligeach
F91 XH96

SUB-OFFICE

BOOMESL,
Quay Street
Sligo
F91 XH96

Teil: +353 (0) 71 91 94800 **Facs:** +353 (0) 71 91 44121 **Ríomhphost:** infosligo@msletb.ie

FO-OIFIG

BOOMESL,
Ardán Sheoirse Naofa,
Cora Droma Rúisc
Co. Liatroma
N41 W2X7

SUB-OFFICE

BOOMESL,
St. George's Terrace
Carrick-on-Shannon
Co. Leitrim
N41 W2X7

Teil: +353 (0) 71 96 20024 **Facs:** +353 (0) 71 96 21362 **Ríomhphost:** infoleitrim@msletb.ie
